Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12260/24**

**ENER 382**
**COMPET 797**
**FIN 705**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Iúil 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12204/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas – chabhraigh creat an Aontais leis na Ballstáit freagairt don ghéarchéim, ach ní féidir tionchar roinnt beart freagartha ar ghéarchéimeanna a léiriú'<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 22 Iúil 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas – chabhraigh creat an Aontais leis na Ballstáit freagairt don ghéarchéim, ach ní féidir tionchar roinnt beart freagartha ar ghéarchéimeanna a léiriú', mar a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha iad ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Iúil 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas – chabhraigh creat an Aontais leis na Ballstáit freagairt don ghéarchéim, ach ní féidir tionchar roinnt beart freagartha ar ghéarchéimeanna a léiriú'**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS MÓR AICI Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas – chabhraigh creat an Aontais leis na Ballstáit freagairt don ghéarchéim, ach ní féidir tionchar roinnt beart freagartha géarchéime a léiriú'.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE fócas na Tuarascála Speisialta maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh creat beartais agus gníomhaíocht an Aontais chun tacú le slándáil an tsoláthair gáis, lena n-áirítear bearta freagartha ar ghéarchéimeanna, éifeachtach. Déantar meastóireacht sa Tuarascáil Speisialta freisin ar chur chun feidhme na gcéimeanna chun tionscadail leasa choitinn i réimse an gháis a roghnú.

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa bunaithe ar mheasúnú ar raon leathan beart beartais lena n-áirítear, go háirithe, Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú, bearta sealadacha éigeandála bunaithe ar Airteagal 122 CFAE a glacadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim, na Tionscadail Leasa Choitinn (PCI) a fhaigheann tacaíocht faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, agus sainmhíniú an Aontais ar bhochtaineacht fuinnimh. Tugtar aghaidh sa Tuarascáil Speisialta freisin ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin.

4. MEABHRAÍTEAR DI gur tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú le déanaí maidir le hathbhreithnithe tábhachtacha ar ghníomhartha reachtacha chun rialacha mhargadh gáis an Aontais a chur in oiriúint do chuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais agus chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais. Cuideoidh na rialacha nua sin freisin le feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais do dhúshláin a bheidh ann amach anseo.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go cuí na barúlacha agus na conclúidí, chomh maith leis na moltaí a áirítear sa Tuarascáil Speisialta, eadhon an creat inacmhainneachta a thabhairt chun críche, an nós imeachta tuairiscithe maidir le slándáil an tsoláthair gáis a bharrfheabhsú, an t-athbhreithniú ar an gcomhar réigiúnach agus trédhearcacht chur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn a fheabhsú.